



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Téacsanna a Leagan Síos

Tuairisc ar ról na liostaí  
téacsanna dualgais i mBéarla na  
Sraithe Sóisearaí agus na  
hArdteistiméireachta agus na  
próisis a bhaineann le roghnú na  
dtéacsanna

Aibreán 2023



# An Clár Ábhar

|  |           |
|--|-----------|
| <b>Réamhrá</b>   | <b>4</b>  |
| <b>Cúlra na liostaí dualgais sa Bhéarla</b>                  | <b>6</b>  |
| <b>An Comhthéacs Stairiúil</b>                               | <b>8</b>  |
| <b>Ainmniú na dtéacsanna dualgais</b>                        | <b>11</b> |
| <b>Próisis reatha i dtaca le forbairt liostaí téacsanna</b>  | <b>17</b> |
| Critéir Liosta Téacsanna Bhéarla na Sraithe Sóisearaí        | 19        |
| Critéir Roghnaithe Fhilíocht Bhéarla na hArdteistiméireachta | 20        |
| Critéir Liosta Téacsanna Bhéarla na hArdteistiméireachta     | 21        |
| <b>Taighde Idirnáisiúnta</b>                                 | <b>23</b> |
| Ainm agus fócas  | 23        |
| Measúnú  | 23        |
| Raon Téacsanna   | 24        |
| Roghnú na dtéacsanna   | 24        |
| Éagsúlacht na dtéacsanna                                     | 24        |
| <b>Comparáid próiseas</b>                                    | <b>26</b> |
| <b>Saincheisteanna agus ábhair imní</b>                      | <b>29</b> |
| <b>Na chéad chéimeanna eile</b>                              | <b>32</b> |
| Tagairtí   | 33        |

## Réamhrá

Bíonn neart ról ag an litríocht ar fud speictream an oideachais. Ón luathóige cuireann an litríocht na modhanna ar fáil do pháistí chun an domhan ina dtimpeall a thuiscint, bunús na teanga a aimsiú, samhlaíocht a fhairsingiú agus comhbhá do dhaoine eile a fhorbairt. De réir mar a thagann tuilleadh forbartha ar scileanna teanga agus litearthachta daoine óga i gcaitheamh a gcuid oideachais bunscoile agus iar-bhunscoile, comhlíonann an litríocht feidhmeanna eile. Sa seomra ranga Béarla, cuireann an litríocht bealach ar fáil téamaí agus saincheisteanna a fhiosrú, cuireann sí stair chultúrtha agus shóisialta éagsúil i láthair scoláirí agus cuireann sí eiseamláirí scríbhneoireachta ar fáil. Is féidir leis an litríocht i seomra ranga an dara teanga fiosrú sóisialta agus cultúrtha agus eiseamláir scríbhneoireachta ar fáil fad is a bhíonn líofacht á forbairt. Mar sin féin, tá an focal 'litearthacht' faoi ualach a luacha. I gcás neart daoine, cruthaíonn sé ionchas i dtaca le saothair ealaíne liteartha, a bhfuil fad saoil agus tábhacht chultúrtha, agus ardchaipiteal cultúrtha dá réir, fite fuaite iontu. Ar an gcúis seo, baintear úsáid as an téarma níos leithne 'téacsanna' i sonraíocht agus i siollabas an Bhéarla sa tSraith Shóisearach agus san Ardteistiméireacht chun téacsanna liteartha agus neamhliteartha a mbeidh teagmháil ag an scoláire leo, a fhiosróidh an scoláire agus a mhúnlóidh eispéireas an scoláire sa seomra ranga Béarla a chur san áireamh. D'fhéadfaí úrscéalta, nóibhillí, filíocht, próis, drámaíocht, véarsa scríofa, an focal labhartha, úrscéalta grafacha, cuntais taistil, blaganna, scannánaíocht, scannáin bheathaisnéise, beathaisnéisí, aistí, ailt, podchraoltaí agus tuilleadh a áireamh ina measc.

Tá an aidhm maidir le heolas an scoláire maidir le teanga agus le litríocht a fhorbairt lárnach mar chuid d'aidhmeanna shonraíocht an Bhéarla sa tSraith Shóisearach. Spreagann sí forbairt "léirthuiscint ar an litríocht trí theagmhálacha pearsanta le réimse téacsanna liteartha éagsúla" (CNCM agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018, lch. 5). I siollabas na hArdteistiméireachta, ceann de na haidhmeanna is ea go rachadh an scoláire i ngleic "le guth na litríochta, go bhfoghlaimeodh sé chun idirghníomhú go criticiúil léi, agus mar sin go dtuigfeadh sé an suntas agus an luach a bhaineann léi" (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1998, lch. 2). Chun an dul i ngleic le réimse leathan téacsanna éagsúla a éascú tá liosta téacsanna dualgais ann le haghaidh Béarla na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta óna gcaithfidh múinteoirí (i dteannta a gcuid scoláirí uaireanta) téacsanna a fhiosróidh siad sa rang a roghnú. Eascraíonn an tuairisc seo ó chomhthéacs ar leith. I ndiaidh gluaiseacht Black Lives Matter i samhradh na bliana 2020, tháinig méadú ar an scrúdú a bhí á dhéanamh ar liostaí téacsanna dualgais Bhéarla na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta i dtaobh éagsúlachta agus ionadaíochta. Ceistíodh téacsanna traidisiúnta ar nós *To Kill a Mockingbird* agus *Of Mice and Men* go forleathan sna meáin mar gheall ar an léiriú a thugann siad ar chine. Sa bhliain 2021, cheistigh feachtas meán sóisialta eile moráltacht agus oiriúnacht roinnt téacsanna ar na liostaí dualgais. Mar thoradh ar na himeachtaí seo le chéile choimisiúnaigh

CNCM taighde de chuid Dr Bethan Marshall, King's College, Londain, ar ról agus ar fheidhm na liostaí téacsanna dualgais i ndlínsí eile. Foilsítear torthaí an taighde sin astu féin <https://ncca.ie/ga/resources/staid%3%A9ar-compar%3%A1ideach-ar-an-litr%3ADocht-i-gcraclaim-bh%3%A9arla-i-ndl%3ADns%3AD-%3%A9ags%3BAla/> .

Is é aidhm na tuarascála seo ná scrúdú a dhéanamh ar ról, ar chuspóirí agus ar phróisis roghnaithe téacsanna a úsáidtear in Éirinn i bhfianaise taighde Marshall (2022) agus, na guthanna agus na peirspictíochtaí éagsúla maidir le liostaí téacsanna, de réir mar a cuireadh in iúl iad do CNCM, a fhiosrú. Roinneadh tuairimí cosúil leo seo leis an Roinn Oideachais. Cuireann tuairisc taighde Marshall scrúdú sonrach ar theagasc an Bhéarla ar fud ocht ndlínse ar fáil, chomh maith le léargas ar ról na liostaí téacsanna dualgais a úsáidtear laistigh de na curaclaim seo. Sa tuairisc seo tugtar léargas ar an tslí inar fhorbair an próiseas roghnaithe téacsanna in Éirinn. Chomh maith leis sin, tógtar torthaí ó thaighde Marshall agus cuirtear na próisis a úsáidtear in Éirinn faoi láthair i gcomparáid leis na próisis a úsáidtear go hidirnáisiúnta ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi fhorbairtí leantacha sa réimse seo.

## Cúlra na liostaí dualgais sa Bhéarla

Forbraíonn gach curaclam agus is léiriú iad nó is freagairt iad ar a raibh ann rompu. Ní haon rud difriúil é curaclam an Bhéarla in Éirinn. Is toradh é an soláthar reatha liostaí téacsanna dualgais i mBéarla na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta ar fhorbairt an churaclaim ó bhunú an stáit. Rud atá difriúil le formhór na dtíortha eile a labhraíonn Béarla, tá curaclam amháin in Éirinn don Bhéarla a chuimsíonn teanga agus litríocht araon an tslí ar fad ó ranganna meánscoile sóisearacha chuig na ranganna sinsearach. Tá an curaclam comhtháite seo comónta i ndlínsí eile ag leibhéal na bunscoile agus sna ranganna meánscoile sóisearacha, ach i bhformhór na dtíortha tagann deireadh leis an gcuraclam náisiúnta ag deireadh an oideachais éigeantaigh, ag aois 16 de ghnáth. I gcás fhorhómhór na dtíortha tá scaradh agus méadú ar speisialú sa mheánoideachas sinsearach sna cúrsaí bainteacha a ofráiltear amháin Teanga an Bhéarla, Litríocht an Bhéarla, Drámaíocht, Staidéar Meán agus Staidéar Scannán (féach Tábla 1).

Tábla 1: An Béarla mar ábhar sna dlínsí roghnaithe

| An Dlínsé        | Teideal an Ábhair | Ábhair nó measúnaithe eile a bhaineann leis   |
|------------------|-------------------|---|
| An Nua-Shéalainn | Béarla            | Béarla ar mhaithe le Cuspóirí Acadúla<br>Teanga an Bhéarla (le haghaidh EAL <sup>1</sup> )<br>Lítearthacht                                    |
| Ontario          | Béarla            | Trí chúrsa ar fáil: Acadúil, Feidhmeach, Oscailte<br>Cúrsaí eile ar fáil sna hEalaíona (Drámaíocht,<br>Ealaíona Comhtháite, Ealaíona na Meán) |

---

<sup>1</sup> Béarla mar Theanga Bhreise

|                    |   |   |
|--------------------|---|---|
| Sasana             | Béarla                                    | TGManna A-leibhéal ar fáil i dTeanga an Bhéarla, i Litríocht an Bhéarla, i dTeanga agus Litríocht an Bhéarla, sa Drámaíocht, sa Staidéar Scannán agus sa Staidéar Meán  |
| SAM                | Na hEalaíona Teanga                       | Gan aon churaclam náisiúnta; caighdeáin, creata agus tástálacha stáit/cathrach/ceantair.  |
| An Bhreatain Bheag | Teanga an Bhéarla<br>Litríocht an Bhéarla | Áiríonn Curaclam Nua na Breataine Bige:<br>Ealaíona Léiritheacha: lena n-áirítear Drámaíocht, Scannánaíocht agus Meáin Dhigiteacha<br>Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid: lena n-áirítear Breatnais, Béarla, teangacha eile agus litríocht<br>Sa chóras cáilíochta reatha tá cúrsaí ar fáil i dTeanga an Bhéarla, i Litríocht an Bhéarla, sa Staidéar Scannán, sa Drámaíocht agus san Amharclannaíocht.<br>Tá cáilíochtaí sa Bhéarla ar fáil chomh maith do chainteoirí dúchais teangacha eile (Léitheoireacht, Scríbhneoireacht agus Labhairt) |
| Albain             | Litearthacht agus an Béarla               | Ealaíona Léiritheacha lena n-áirítear Drámaíocht  |
| Victoria           | Béarla                                    | Cúrsaí ar fáil sa Bhéarla mar Theanga Bhreise, sa Staidéar Drámaíochta agus Amharclannaíochta, in Ealaíona na Meán, agus sa smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach.   |
| New South Wales    | Béarla                                    | Drámaíocht, Na hEalaíona Cruthaitheacha agus na Meáin Dhigiteacha   |

I gcomhthéacs na hÉireann, ciallaíonn an comhtháthú teanga agus litríochta seo go bhfuil sé mar aidhm ag an réimse téacsanna atá ar fáil le staidéar a dhéanamh orthu aidhmeanna leathana a chomhlíonadh. Luaitear i gcáipéisíocht Bhéarla na hArdteistiméireachta<sup>2</sup> go gcuirfear liosta téacsanna dualgais ar fáil agus go mbeidh raon téacsanna úrscéalaíochta, drámaíochta, scannánaíochta agus filíochta ann le staidéar a dhéanamh orthu don mheasúnú. De réir mar a thugtar breac-chuntas air i dtaighde Marshall (2022), i ndlínsí ina mbíonn obair chúrsa mar an chuid is mó den measúnú sa Bhéarla, is annamh a ainmnítear téacsanna dualgais. Bíonn an tsaoirse ag na múinteoirí na téacsanna a ndéanann siad staidéar orthu lena gcuid scoláirí a roghnú toisc go ndéantar measúnú na foghlama sin a dhearadh, a eagrú agus a scrúdú go háitiúil trí obair chúrsa. Is i gcásanna ina ndéantar bainistíocht sheachtrach ar an measúnú amháin a bhíonn ainmniú liostaí téacsanna dualgais mar ghné den churaclam, agus i dtaighde Marshall, bhí sé seo le sonrú i dtrí dhlínse a ndearnadh staidéar orthu.

Tharla athruithe ar úsáid liostaí téacsanna dualgais in Éirinn le himeacht aimsire. De réir Liddicoat agus Crozet (2000), is féidir le litríocht a úsáidtear sa seomra ranga na haidhmeanna seo a bheith aici: scileanna teanga a theagasc agus cultúr, nó ábhar a mheastar gur 'ardchanóineacha' litríochta iad ann a theagasc nó a chur i láthair an scoláire. Tá an cur in aithne cultúrtha seo tar éis a bheith ina ghné lárnach de liostaí dualgais an Bhéarla ach tá athrú tagtha ar a bhfuil i gceist leis an gcultúr sin, agus tá an tslí ina léirítear é tar éis athrú le himeacht aimsire.

## An Comhthéacs Stairiúil

Ar nós neart tíortha iarchoilíneacha, tá curaclam an Bhéarla in Éirinn tar éis forbairt ón traidisiún daonnachach a bhunaigh rialtas na Breataine i soláthar an oideachais bunscoile ó na 1830idí agus measúnú an Bhéarla de chuid an Bhoird Idirmheánaigh Oideachais ón mbliain

---

<sup>2</sup> Áirítear siollabas agus treoirínte an Bhéarla agus ciorcláin a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit ó cuireadh an siollabas athbhreithnithe i bhfeidhm i measc cháipéisíocht an churaclaim.



1878. Tugadh *The language, literature and history of Great Britain and Ireland* ar an gcúrsa Béarla sa bhliain 1878 agus áiríodh téacsanna maidir le stair pholaitiúil agus tíreolaíocht na Breataine i measc na dtéacsanna dualgais a tugadh. Bhí dhá phríomhaidhm ag an gcúrsa seo: idéal cultúrtha impiriúil a thabhairt isteach agus tarchur an Bhéarla chaighdeánaigh, dhá rud a cinneadh a bheadh riachtanach le haghaidh státseirbhís éifeachtach. Bhí fócas suntasach ar lámhscríbhneoireacht agus ar ortagrafaíocht agus ar fhoghlaim de ghlanmheabhair (O'Reilly, 2014).

Faoin uair go raibh na 1920idí ann, nuair a rinne Saorstát nua Éireann plé ar churaclam i gcomhair an oideachais iar-bhunscoile, choinnigh siad foirm agus struchtúr an chórais scrúduithe a bhí ann roimhe. Seachas curaclam a fhoilsiú, d'fhoilsíodh an Roinn Oideachais na riachtanais i gcomhair scrúduithe sa cháipéisíocht Rialacha agus Cláir a d'fhoilsítí gach bliain. Lean an Coimisiún um Oideachas Meánscoile a bunaíodh sa bhliain 1922 an chomhairle a d'ofráil Pádraic Mac Piarais in *The Murder Machine* agus ar mhaithe leis an iomarca den fhoghlaim de ghlanmheabhair a sheachaint mhol an Coimisiún gan téacsanna dualgais a ainmniú (Coolahan, 1986). Mar sin féin, bhí tionchar na 'canóna litríochta' a bunaíodh roimhe sin le sonrú toisc gur luaigh na rialacha go gcaithfear staidéar a dhéanamh ar Shakespeare "na tragóidí is clúití agus na drámaí grinn níos déanaí – dhá cheann le léamh gach bliain ar a laghad" bíodh agus nár ainmníodh "aon saothar nó scríbhneoir ar leith in aon slí mar dhualgas don scrúdú" (An Roinn Oideachais, 1924, lch. 26). Bíodh agus nár sonraíodh aon scríbhneoir, seachas Shakespeare, bhí rian na liostaí canónacha le brath i liosta scríbhneoirí molta an Bhoird Idirmheánaigh Oideachais agus bhí scríbhneoirí amhail Byron, Shelley, Milton, Wordsworth agus Tennyson air.

In ainneoin na gcuspóirí náisiúnacha a d'fhógair Saorstát Éireann, bhí an príomhlucht tionchair gníomhach agus iad ag moladh in aghaidh scríbhneoirí Éireannacha a chur ar an gcuraclam ag an am. Rinneadh beag is fiú de Yeats, Wilde agus Synge amhail agus gur "an odd patch of fair second grade quality" a bhí iontu (Corcoran, 1923). Is fiú a rá chomh maith nár luadh ficsean i sainmhíniú na litríochta. Dhírigh na cúrsaí agus na scrúduithe ar fhilíocht, ar théacsanna drámaíochta agus ar aistí próis le scríbhneoirí amhail Bacon agus Lambe. Níor measadh gur 'dea-litríocht' a bhí i gceist le saothair ficsean liteartha. Ní haon ionadh é seo i bhfianaise gur

cuireadh smachtbhanna ar shaothair faoi *The Censorship of Publication Act (1929)* ar an mbonn gur sháraigh siad teagasc Caitliceach lena n-áirítear leabhair le Proust, Steinbeck, Hemmingway, Salinger, Huxley, O'Casey agus Ó Faoláin. Toisc nach raibh na saothair ficin seo oiriúnach don phobal is cinnte nach rabhthas den tuairim go raibh siad oiriúnach le go ndéanfadh scoláirí staidéar orthu.

Ag an Meánleibhéal ón mbliain 1924 áiríodh moladh go gcuirfí obair chúrsa agus comhpháirt na béaltrialach san áireamh mar riachtanais scrúdaithe sa Bhéarla. Bíodh sin amhlaidh, níor athraíodh an córas scrúdaithe chun na gnéithe seo a chur san áireamh (Coolahan, 1986) agus d'fhan fócas an scrúdaithe ar mhiondealú agus ar athfhriotail ó shleachta filíochta agus téacsanna drámaíochta. Cé nach mbíodh liosta dualgais ann, iarradh ar an scoláire sna ceisteanna scrúdaithe athfhriotail ó fhilí amhail Wordsworth, Coleridge, Tennyson and Keats a aithint agus athfhriotail ó rogha drámaí le Shakespeare a aithint (An Roinn Oideachais, An Chraobh Mheánoideachais, 1925).

Sa bhliain 1940, bhí athrú treo ann le haghaidh cúrsaí Béarla in Éirinn toisc gur dhírigh an tAire Oideachais nua (mar aon lena ról mar Thaoiseach), Éamon De Valera ar chúrsa Béarla níos feidhmiúla, agus é buartha faoin easpa dul chun cinn a rinneadh maidir le daonra a labhraíonn Gaeilge a fhorbairt. Bhí an cúrsa seo le díriú ar ghramadach agus ar scríobh go héifeachtach agus leithdháileadh níos mó ama scoile do theagasc na Gaeilge. Sa Dáil sa bhliain 1941 dúirt De Valera go mbeadh orainn a bheith “sásta le caighdeán Béarla nach bhfuil chomh ard” ar mhaithe le cinniúint na Gaeilge a chosaint (Díospóireachtaí na Dála, 1941, Col. 1095). Ba iad aidhmeanna an chúrsa ná “an dalta a chumasú é féin a chur in iúl i gceart agus go héifeachtach sa teanga, sa chaint agus sa scríobh araon agus pléisiúr agus fiúntas a bhaint as a chuid léitheoireachta” (*Rules and Programme for Secondary Schools 1945-46*, lch. 32). Mar aon le codanna ar an nGramadach: miondealú agus anailís; ceapadóireacht Bhéarla; agus rogha aistí próis, bhí liosta dualgais a raibh filí Sasanacha air den chuid is mó agus áiríodh roinnt filí Angla-Éireannacha amhail Yeats agus Ledwidge sa díolaim den chéad uair.

Sa bhliain 1966 rinneadh athbhreithniú ar an gcúrsa Béarla Idirmheánach agus áiríodh gearrscéalta agus ficsean ar an gcúrsa den chéad uair agus áiríodh úrscéal don ardleibhéal. Áiríodh scríbhneoirí Éireannacha amhail Friel, Ó Faoláin agus O'Connor, mar aon le húdair

thraidisiúnta amhail Dickens agus Austen. Chomh maith leis sin bhí an coinníoll sa churaclam nua go bhféadfadh “An Scrúdú Meánteistiméireachta measúnú ar inniúlacht chainte a chuimsiú” (An Roinn Oideachais, 1969). Bíodh sin amhlaidh, níor cuireadh san áireamh é sa Mheánteistiméireacht shuimitheach riamh.

Mheall an t-athbhreithniú ar an gcúrsa Béarla Ardteistiméireachta sa bhliain 1968 cáineadh sna meáin agus bhí orthu an moladh maidir le leibhéal comónta a tharraingt siar toisc gur dhiúltaigh na hollscoileanna glacadh leis don máithreánach (Mullins, 2002). Áiríodh an rogha staidéar a dhéanamh ar úrscéal comhaimseartha den chéad uair i gcuraclam Béarla athbhreithnithe na hArdteistiméireachta agus áiríodh údair amhail Steinbeck, Orwell agus Golding. Áiríodh staidéar éigeantach ar dhráma le Shakespeare agus rogha téacsanna ficsin le húdair thraidisiúnta amhail Bronte, Hardy, Dickens agus Conrad ar na liostaí dualgais ach áiríodh téacsanna drámaíochta ón bhfichiú haois le drámadóirí amhail Synge, Stoppard agus Miller chomh maith.

Tharla an chéad athbhreithniú eile ar na cúrsaí sa bhliain 1989 nuair a tugadh isteach cúrsa Béarla an Teastais Shóisearaigh agus sa bhliain 1999 nuair a foilsíodh siollabas Béarla nua na hArdteistiméireachta. Ní raibh liosta téacsanna dualgais ag Béarla an Teastais Shóisearaigh agus saoirse ag múinteoirí staidéar a dhéanamh ar úrscéalta, ar dhrámaíocht agus ar fhilíocht dá rogha féin. Mar sin féin, bhí Shakespeare fós éigeantach ag an ardleibhéal. I siollabas Béarla athbhreithnithe na hArdteistiméireachta (1998), leathnaíodh na cineálacha téacsanna a áiríodh ar na liostaí dualgais, tríd an staidéar comparáideach a thabhairt isteach, chun beathaisnéisí, cuntais taistil agus, den chéad uair, scannánaíocht a chur san áireamh.

## **Ainmniú na dtéacsanna dualgais**

Faoi Bhord na Scrúduithe Idirmheánacha, socraíodh liosta téacsanna le haghaidh scrúduithe. Bhí an chanóin litríochta seo mar fhócas an chúrsa Béarla suas go dtí 1924. Nuair a fuarthas réidh leis an liosta dualgais sa bhliain 1924, shocraigh an Roinn Oideachais na scrúdpháipéir chun réimse freagraí éagsúla a cheadú. Mar sin féin, sna scrúduithe iarradh ar an scoláire achoimre, miondealú, nó anailís a dhéanamh ar shleachta ó scríbhneoirí amhail Milton, Tennyson agus Shakespeare agus athfhriotail fhairsinge a thabhairt ó rogha litríochta a

foghlaímíodh. Ghlac na ceisteanna seo leis go mbeadh eolas ar shaothair litríochta a bhí geall le bheith ceannann céanna leis na liostaí téacsanna dualgais a bhí ann cheana.

Sa bhliain 1940, shocraigh an Roinn Oideachais na liostaí dualgais nua don Bhéarla agus áiríodh filí traidisiúnta Sasanacha mar aon le scríbhneoirí Éireannacha amhail Yeats, Ledwidge and Stephens ach seachnaíodh ionchuimsiú an fhicsin fós. Sna 1960idí tacaíodh leis na cúrsaí athbhreithnithe ag leibhéil Idirmheánach agus na hArdteistiméireachta trí théacsleabhair 'eatramhacha'. *English Explorations 1, 2 agus 3*, le haghaidh na Meánteistiméireachta agus *Soundings* d'fhillíocht na hArdteistiméireachta. Bhí na leabhair seo in úsáid fad is a bhí na cúrsaí sin ann agus chuir cathaoirleach choiste siollabais Béarla na Roinne Oideachais, Augustine Martin, iad in eagar.

Bhí liostaí téacsanna dualgais ag an gcúrsa Béarla Idirmheánaigh agus ag cúrsa Béarla na hArdteistiméireachta chomh maith, a rothlaigh ar bhonn bliantúil agus a chuimsigh drámaí de chuid Shakespeare, úrscéalta ón 18<sup>ú</sup> agus 19<sup>ú</sup> haois, réimse filíochta agus rogha úrscéalta comhaimseartha a bhí roghnach ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Go bunúsach, níor athraigh struchtúr an scrúdaithe, ach amháin gur tugadh ceist roghnach chun staidéar a dhéanamh ar dhá úrscéal Béarla ag leibhéal na hArdteistiméireachta. An toradh a bhí air seo ná gur lean formhór na n-iarratasóirí orthu ag déanamh staidéar ar na téacsanna canónacha traidisiúnta mar a rinneadh roimhe.

Ba é a bhí mar aidhm leis an easpa liosta dualgais sa bhliain 1989 le haghaidh Béarla an Teastais Shóisearaigh, mar a rinneadh leis an leagan roimhe sin, ná saorhead a thabhairt do mhúinteoirí téacsanna a d'oir do chomhthéacs agus do spéiseanna a gcuid scoláirí. Bíodh sin amhlaidh nochtann Tuairiscí na bPríomhscrúdaitheoirí ó 2003 agus 2006 gur cuireadh líon teoranta téacsanna i láthair scrúdaithe (féach Tábla 2) agus gan ach dhá dhrama le Shakespeare, dráma comhaimseartha amháin, trí dhán agus ceann amháin as trí úrscéal ar an liosta téacsanna sin.

Tábla 2: Téacsanna a cuireadh i láthair scrúdaithe

| Cuid                       | Téacs                  | Céatadán minicíochta na bhfreagraí |
|----------------------------|------------------------|------------------------------------|
| Dráma de chuid Shakespeare | Romeo and Juliet       | 43.1                               |
|                            | Merchant of Venice     | 42.3                               |
| Dráma Comhaimseartha       | The Field              | 71.1                               |
| Filíocht                   | Mid Term Break         | 18.2                               |
|                            | Dulce et Decorum est   | 17.0                               |
|                            | Lake Isle of Innisfree | 14.2                               |
| Ficsean                    | To Kill a Mockingbird  | 31.8                               |
|                            | Roll of Thunder        | 19.2                               |
|                            | Of Mice and Men        | 13.9                               |

(Foinse: Coimisiún na Scrúduithe Stáit, 2006)

Nuair a rinneadh athbheithniú ar shiollabas na hArdteistiméireachta sa bhliain 1999, coimeádadh an liosta dualgais ach seachas an liosta a rothlú, beartaíodh go gcruthófaí liosta nua gach bliain. Bhí rogha téacsanna comhaimseartha agus canónacha ar an liosta seo, chomh maith le réimse téacsanna liteartha agus neamhliteartha lena n-áirítear cuimhní cinn agus beathaisnéisí, rogha scannán agus téacsanna drámaíochta. Bhí raic sna meáin roimh fhoilsiú an tsiollabais maidir leis an moladh go bhféadfaí an riachtanas staidéar a dhéanamh ar Shakespeare ag an ardleibhéal a bhaint chun scóip níos leithne a thabhairt do mhúinteoirí na téacsanna is mó a chinnfidís a bheadh oiriúnach do riachtanais a scoláirí agus fuarthas réidh leis an moladh céanna (Mullins, 2002).

D'fhill sonraíocht Bhéarla nua na Sraithe Sóisearaí (2014) ar liosta dualgais. Tá liosta téacsanna molta ann do scoláirí na chéad bhliana ach i gcás na scoláirí sa dara agus sa tríú bliain tá liosta úrscéalta, drámaí agus scannán a gcaithfidh múinteoirí roinnt díobh a roghnú

lena bhfiosrú sa seomra ranga agus le haghaidh measúnaithe. Tá saoirse ag múinteoirí an fhilíocht agus na téacsanna gearrscéalaíochta ar mhaith leo staidéar a dhéanamh orthu a roghnú chun cur le scóip na dtéacsanna a fhiosraíonn a gcuid scoláirí. Déantar athbhreithniú ar an liosta dualgais gach trí bliana agus coimeádtar é le haghaidh trí chohórt scoláirí. Leagtar amach scóip an liosta téacsanna dualgais sa tslí agus go n-áirítear réimse téacsanna liteartha clasaiceacha mar aon le húrscéalta, cuimhní cinn, leabhair taistil agus úrscéalta grafacha i réimse seánraí atá oiriúnach don aois agus don chéim foghlama seo. Sonraítear an raon téacsanna a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh an scoláire fiosrú orthu sa dara agus sa tríú bliain i bhFíor 1 thíos.

**Fíor 1: Téacsanna le fiosrú i mblianta 2 agus 3 na Sraithe Sóisearaí**

|   |   |
|---|---|
| <p><b>CAITHFIDH scoláirí sa Dara agus Tríú Bliain staidéar a dhéanamh ar théacsanna de réir mar a dhéantar cur síos orthu thall</b></p> | <p>Ón liosta téacsanna dualgais caithfidh an scoláire staidéar a dhéanamh ar:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Dhá úrscéal</li> <li>• Dhá théacs drámaíochta*</li> </ul> <p>* <b>Nóta 1:</b> Is féidir sliocht as dráma nó sleachta as dráma amháin nó níos mó a úsáid mar cheann de na téacsanna drámaíochta. Is féidir na sleachta a roghnú ó dhrámaí lasmuigh den liosta téacsanna dualgais. Ba cheart go gcuirfeadh an sliocht nó na sleachta a roghnaíonn scoileanna eispéireas fairsing ar fhoirm na drámaíochta ar fáil don scoláire.</p> <p>* <b>Nóta 2:</b> Caithfidh scoláirí a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoin Measúnú Deiridh ag an Ardleibhéal staidéar a dhéanamh ar théacs iomlán ceann de na cúig dráma dualgais le Shakespeare a liostaítear ar leathanach a ceathair den chiorclán seo i gcaitheamh an dara <b>agus/nó</b> an tríú bliain.</p> |
|---|---|

|  |   |
|--|---|
|  | Scannán a roghnaítear ón liosta scannáin dualgais                         |
|  | Réimse téacsanna neamhliteartha éagsúla lena n-airítear téacsanna ó bhéal |
|  | Rogha filíochta (ar a laghad 16 dhán thar an dá bhliain)                  |
|  | Roinnt gearrscéalta   |

(Foinse: Sonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, CNCM agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018)

Sa tuairisc maidir le hachtú Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, bhí an méid seo le rá ag iniúcháirí seachtracha ar chur i bhfeidhm na sonraíochta i dtaca leis an liosta dualgais:

Gné shuntasach agus dearfach is ea suntas na litríochta i sonraíocht churaclam an Bhéarla. Mar sin féin, cuireann an tsonraíocht tuairimí i dtaca le rannpháirtíocht chultúrtha agus éagsúlacht cultúrtha chun cinn trí litríocht agus trí theanga agus trína ról san fhoghlaim agus san fhorbairt, atá lárnach ar bhonn seasmhach. Tá béim leanúnach ar *chomhtháthú* na teanga labhartha agus na teanga scríofa agus ar ilmhódúlacht na bhfoirmeacha cumarsáide. Meastar go bhfuil cruinneas na húsáide teanga tábhachtach, ach gan gnéithe eile den fhorbairt teanga a bheith thíos dá bharr. (Heywood et al., 2019).

Ciallaíonn an easpa scrúduithe stáit le haghaidh scoláirí na sraithe sóisearaí sa bhliain 2020 agus 2021 nach bhfuil sonraí maidir le héagsúlacht nó scóip na dtéacsanna a roghnaíodh mar fhreagra ar cheisteanna scrúdaithe ar leith ar fáil do na blianta sin. Mar sin féin, tugann Tuairiscí an Phríomh-Scrúdaitheora maidir le Scrúdú na Sraithe Sóisearaí sa bhliain 2017 le fios nár glacadh leis an réimse téacsanna iomlán sa chóras go fóill, “Tugann fianaise ón mbliain 2017 le fios go raibh téacsanna a d’úsáid iarratasóirí i scrúdú an Teastais Shóisearaigh a bhí ann cheana, páipéar a dó, fós le feiceáil go láidir i scrúduithe Béarla na Sraithe Sóisearaí 2017. Tugann an méid seo le fios nach bhfuil leas

chomh mór agus gur féidir á bhaint as an deis dul i ngleic leis an léitheoireacht mar eispéireas saibhir ilchineálach” (Coimisiún na Scrúduithe Stáit, 2017, lch. 20).

Go hachomair, tá difríochtaí san úsáid agus san easpa liostaí dualgais i dteagasc an Bhéarla tar éis a bheith ann le céad bliain anuas. Is minic a léiríonn an raon agus réimse téacsanna dualgais éagsúla a gcaithfear staidéar a dhéanamh orthu comhthéacs na sochaí óna dtagann sé sa léiriú, san údaracht agus sna téamaí a áirítear ar an liosta (Burke, 2021). Tá na haidhmeanna a luaitear leis na curaclaim tar éis léitheoireacht fhairsing a spreagadh agus gan liostaí téacsanna, uaireanta, cuireadh i bhfeidhm é chun díspreagadh a dhéanamh ar chúngú an fhócais chuig an íosmhéid téacsanna ar mhaithe le scrúduithe. Bíodh sin amhlaidh, léiríonn tuairiscí na bpríomhscrúdaitheoirí gur tharla a mhalairt, agus go raibh rogha téacsanna fíorchúng á roghnú lena staidéar mar thoradh ar an easpa téacsanna dualgais, den chuid is mó. Is cosúil go gcuireann an cás reatha, ina bhfuil liostaí téacsanna dualgais le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta araon, léitheoireacht níos leithne téacsanna chun cinn. Bíodh sin amhlaidh, is cosúil agus go gcuireann tuairiscí an phríomhscrúdaitheora ar théacsanna traidisiúnta ar leith, agus an aird a bhíonn ag na meáin orthu, le fios gur minic gur féidir liostaí fairsinge a laghdú chuig téacsanna traidisiúnta a bhfuil níos mó cur amach againn orthu ar mhaithe le scrúduithe. Tá sé seo i gcodarsnacht leis an aidhm i siollabas Béarla na hArdteistiméireachta maidir le feasacht ar “luach na litríochta ina foirmeacha ilchineálacha” a fhorbairt (Rialtas na hÉireann agus CNCM, 1998, lch.6) agus leis an aidhm a shonraítear i sonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí maidir leis an scoláire a spreagadh “dul i ngleic le réimse leathan téacsanna ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha a éiríonn níos fairsinge agus níos fairsinge, agus smaoineamh go criticiúil fúthu” (CNCM agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2018, lch. 5) Sna sonraíochtaí is aidhm bhunúsach í feasacht agus fiosrú réimse leathan ilchineálach téacsanna a éiríonn níos fairsinge agus níos fairsinge, agus mar sin chuirfeadh cúngú thaithí an scoláire ar an litríocht teorainn le haidhmeanna beartaithe na sonraíochtaí.



## Próisis reatha i dtaca le forbairt liostaí téacsanna

Mar aon leis an gcuraclam, tá forbairt tagtha ar fhorbairt liostaí téacsanna le himeacht aimsire. D'fhorbair an Bord, a raibh lucht léinn agus scrúdaitheoirí air, bunliostaí téacsanna an Bhoird Idirmheánaigh Oideachais. I luathbhlianta na Roinne Oideachais níor cruthaíodh aon liostaí téacsanna ach d'fhorbair rannóg inmheánach na roinne (ar oibrigh neart dá comhaltaí leis an mBord Idirmheánach roimhe sin) na scrúduithe. Faoi na 1960idí bhí an coiste i gcomhair an Bhéarla á threorú ag an bhfear léinn, Augustine Martin agus bhí ionadaithe ó Chumann na Múinteoirí Béarla ar an gcoiste.

D'aistrigh an fhreagracht as giniúint liostaí téacsanna ón Roinn Oideachais chuig an mBord Curaclam agus Scrúduithe (1984-1987), agus ansin ba ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an fhreagracht ina dhiaidh sin.

I gcás na liostaí téacsanna reatha, tá trí mheitheal oibre ann: Meitheal oibre liosta téacsanna Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, grúpa oibre liosta téacsanna Bhéarla na hArdteistiméireachta, agus grúpa oibre fhilíocht Bhéarla na hArdteistiméireachta. Is múinteoirí atá i mbun cleachtas is mó atá i ngach grúpa. Tá ionadaíocht ag Cumann na Múinteoirí Béarla, Eagraíocht Náisiúnta Múinteoirí Béarla na hÉireann (INOTE) ar gach meitheal oibre agus níl aon téarma seirbhíse ar leith i gceist leis seo. Tá roinnt ball de ghrúpa oibre liosta téacsanna na hArdteistiméireachta tar éis a bheith sa ghrúpa le blianta fada. Fuarthas daoine eile in ionad múinteoirí a bhog ar aghaidh ó réimse teagaisc an tseomra ranga chuig réimsí oideachais eile nó nuair a chuaigh ar scor. Ceapadh baill nua ar bhonn ad hoc. Ceann de na buntáistí a bhaineann le baill den mheitheal oibre a bheith ann ar feadh roinnt blianta ná go mbíonn roinnt leanúnachais maidir le cruthú na liostaí téacsanna. Rud a thagann leis sin, faraor, ná go bhfuil buairt ann nach bhfuil aon phrótacal foirmiúil i bhfeidhm i dtaca le ballraíocht nó iarratais ar bhallraíocht. Ní foilsítear sonraí ballraíochta na meithleacha oibre go poiblí ar mhaithe le baill an choiste a chosaint ó stocaireacht ó fhoilsitheoirí, ó scríbhneoirí nó ó ghrúpaí sainleasa ar leith le go n-áireofaí (nó go mbainfí) téacsanna ar an liosta ar chúiseanna tráchtála nó ar chúiseanna eile.

Cruinníonn meitheal oibre liosta téacsanna Bhéarla na hArdteistiméireachta roinnt babhtáí gach bliain chun na liostaí téacsanna a fhorbairt dhá bhliain sula gcuirtear i bhfeidhm iad. Is cáipéis é an liosta téacsanna a bhfuil forbairt ag teacht air. Fanann tuairim agus dhá thrían den liosta mar an gcéanna ó bhliain go bliain chun rogha chuí a chur ar fáil do mhúinteoirí agus chun roinnt leanúnachais agus roinnt forbartha inniúlachta a chumasú. Chomh maith leis sin, coimeádtar formhór na dtéacsanna nua a chuirtear leis an liosta le haghaidh trí bliana ionas nach mbeidh an liosta ag athrú de shíor. I measc na dtéacsanna nua a chuirtear leis, bíonn téacsanna a foilsíodh le déanaí agus scannáin a cuireadh amach le déanaí chomh maith le téacsanna liteartha clasaiceacha agus scannáin chlasaiceacha a d'fhéadfaí a chur ar an liosta den chéad uair nó a d'fhéadfaí a chur ar an liosta arís tar éis tréimhse gan iad a bheith air.

Bíonn liosta téacsanna Bhéarla na Sraithe Sóisearaí i bhfeidhm le haghaidh timthriall trí bliana agus cruinníonn an mheitheal oibre ar mhaithe leis an liosta sin a fhorbairt thar chaitheamh 12-18 mí. Go dtí seo, níor forbraíodh ach dhá sheit liostaí téacsanna le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí toisc gur coimeádadh an chéad liosta ar feadh dhá bhliain bhreise chun am a cheadú chun go bhfréamhódh cur i bhfeidhm luath na sonraíochta. Cosúil le liosta téacsanna Bhéarla na hArdteistiméireachta, cuirtear teorainn le líon na n-athruithe ar an liosta chuig tuairim agus aon cheathrú den liosta agus bíonn sé mar aidhm a chinntiú go mbíonn réimse leathan seánraí agus réimse leathan téacsanna dúshlánacha agus inrochtana ar fáil le staidéar a dhéanamh orthu.

Forbraíonn an mheitheal oibre liosta filíochta na hArdteistiméireachta le haghaidh tréimhse cúig bliana. Ar an liosta seo áirítear díolaim filíochta le hochtar filí dhifriúla, in aghaidh na bliana, le haghaidh an scoláire a mbíonn staidéar á dhéanamh aige ar Bhéarla na hArdteistiméireachta ag an ardleibhéal. Bíonn roinnt cosúlachtaí sna filí a mbíonn staidéar le déanamh orthu ó bhliain go bliain. Chun grúpaí ranga cumas measctha agus bogadh ón ardleibhéal chuig an ngnáthleibhéal a éascú, nó vice versa, sonraítear trí dhán in aghaidh an fhile le staidéar a dhéanamh orthu ag an ngnáthleibhéal. Tá díolaim dánta aonair ann chomh maith. Is raon níos éagsúla de dhánta comhaimseartha agus dánta a foilsíodh le déanaí atá anseo, le staidéar a dhéanamh orthu ag an ngnáthleibhéal. Chomh maith leis sin, baineann

roinnt múinteoirí úsáid as an liosta seo le scoláirí ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal araon, chun forbairt a dhéanamh ar an gcumas atá acu freagairt go fíréanta agus go criticiúil do dhán nach raibh feicthe acu roimhe sin.

Faigheann gach ceann de na meithleacha oibre ionchur ó fhoinsí eile, lena n-áirítear ionchur saineolach ó lucht an léinn agus ionchur ó ghníomhaireachtaí ar leith amhail Bord Scannán na hÉireann, Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann (IFCO), Institiúid Amharclannaíochta na hÉireann, Éire Ildánach, Leabhair Pháistí Éireann agus Éigse Éireann, mar aon le gníomhaireachtaí eile. Cuireann ionchur ó chigireacht na Roinne Oideachais, ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, agus ó Mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí bonn eolais faoi phlé na meithleacha oibre. Tá foirm ar líne ann chomh maith, ar shuíomh idirlín CNCM [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie), le haghaidh múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí agus baill eile den phobal ionas gur féidir leo téacsanna a mholadh nó trácht a dhéanamh maidir leis na liostaí reatha. Tugtar na moltaí agus na breathnuithe ón tairseach seo chuig cruinnithe na meithle oibre le go bpléifear iad. Glacann baill gach ceann de na trí mheitheal oibre páirt ar bhonn deonach agus íoctar costais taistil agus costais eile a bhaineann leis sin leo dá gcuid oibre ar na liostaí.

Tagraíonn gach ceann de na meithleacha oibre chuig tacar critéar maidir le cruthú na liostaí téacsanna agus treoraíonn na critéir chéanna iad, agus tá roinnt cleachtais neamhfhoirmiúla a chuireann bonn eolais faoi chruthú na liostaí. I measc na gcleachtas seo, a luath cheana, bíonn teorainn a chur ar líon na n-athruithe a dhéantar in aon bhliain amháin agus ionchuimsiú roinnt téacsanna atá inrochtana le haghaidh gach scoláire. Sonraítear na critéir uile i dtaca le hionchuimsiú ar an liosta thíos:

## **CRITÉIR LIOSTA TÉACSANNA BHÉARLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ**

Caithfidh an liosta dualgais aitheantas cuí a thabhairt don mhéid seo a leanas:

- A. Téacsanna Clasaiceacha
- B. Téacsanna nua-aimseartha agus comhaimseartha, lena n-áirítear litríocht do dhaoine fásta óga

Déanfaidh gach liosta iad seo a chur san áireamh nó déanfaidh siad machnamh orthu:

1. Téacsanna spreagúla agus tarraingteacha
2. Raon Téacsanna fairsing agus éagsúlaithe
3. Oiriúnacht ghinearálta (foréigean & radhairc ghnéasacha: cé chomh minic?/follasach?; saincheisteanna íogaire, m.sh., éigniú, péidifilia, féinmharú)
4. Ilchineálacht (scannánaíocht/litríocht náisiúnta agus scannánaíocht/litríocht ó chultúir dhifriúla)
5. Cothroime inscne (inneachar agus údaracht)
6. Inrochtaineacht/lonchuimsiú

#### **GNÉITHE EILE LE CUR SAN ÁIREAMH:**

- ❖ An leagan den téacs (má tá leaganacha difriúla ar fáil, sonraigh an ceann atá i gceist)
- ❖ Infhaighteacht (i gcló srl.)
- ❖ Suirbhé ar líne maidir le moltaí ó mhúinteoirí
- ❖ Guth an scoláire
- ❖ Sain-ionchur – ó laistigh den ghrúpa oibre agus ó lasmuigh de

#### **Athbhreithnithe 2016**

#### **CRITÉIR ROGHNAITHE FHILÍOCHT BHÉARLA NA HARDTEISTIMÉIREACHTA**

Caithfidh gach liosta filíochta aitheantas cuí a thabhairt don mhéid seo a leanas:

- A. Filí agus dánta clasaiceacha/canónacha
- A. Filí agus dánta nua-aimseartha/comhaimseartha

Tá machnamh le déanamh ar na réimsí seo a leanas:

1. Filí/dánta Éireannacha
2. Filí/dánta Eorpacha agus Neamheorpacha
3. Cothroime Inscne (inneachar agus údaracht)

4. Éagsúlacht agus ionchuimsiú
5. Inrochtaineacht (go háirithe ag an nGnáthleibhéal)
6. Féidearthacht comparáid a dhéanamh – le dánta eile agus le téacsanna eile
7. Oiriúnacht Ghinearálta (machnamh a dhéanamh ar fhocail nach bhfuil inghlactha ar bhonn sóisialta; láithreachtaí foréigin agus/nó radhairc ghnéasacha; saincheisteanna fógaire m.sh. éigniú, péidifilia, féinmharú)

#### **GNÉITHE EILE LE CUR SAN ÁIREAMH:**

- An leagan den téacs (má tá leaganacha difriúla ar fáil, sonraigh an ceann atá i gceist)
- Suirbhé ar líne maidir le dearcthaí na múinteoirí ar na liostaí filíochta atá ann cheana
- Guth an scoláire

#### **Athbhreithnithe 2018**

### **CRITÉIR LIOSTA TÉACSANNA BHÉARLA NA HARDTEISTIMÉIREACHTA**

Caithfidh gach liosta aitheantas cuí a thabhairt don mhéid seo a leanas:

- A. Téacsanna Clasaiceacha
- B. Téacsanna Nua-aimseartha agus Comhaimseartha

Tá machnamh le déanamh ar na réimsí seo a leanas:

1. Téacsanna Éireannacha
2. Téacsanna Eorpacha agus Neamheorpacha
3. Cothroime Inscne (inneachar agus údaracht)
4. Éagsúlacht agus ionchuimsiú
5. Litríocht do Dhaoine Fásta Óga

6. Inrochtaineacht (go háirithe ag an nGnáthleibhéal)
7. Féidearthacht Comparáid a Dhéanamh
8. Oiriúnacht Ghinearálta (meas a dhéanamh ar fhocail nach bhfuil inghlactha ar bhonn sóisialta; láithreacht foréigin agus/nó radhairc ghnéasacha; saincheisteanna íogaire m.sh. éigniú, péidifilia, féinmharú)

#### **GNÉITHE EILE LE CUR SAN ÁIREAMH:**

- An leagan den téacs (má tá leaganacha difriúla ar fáil, sonraigh an ceann atá i gceist)
- Infhaighteacht (i gcló srl.)
- Suirbhé ar líne maidir le moltaí ó mhúinteoirí
- Guth an scoláire
- Sain-ionchur (ó laistigh den ghrúpa oibre agus ó lasmuigh de)

#### **Athbhreithnithe 2018**

## Taighde Idirnáisiúnta

Ag eascairt ón staidéar comparáideach ar churaclaim Bhéarla a rinne an Dr Bethan Marshall (2022) agus ó thaighde don tuairisc seo, is féidir na breathnuithe seo a dhéanamh.

### AINM AGUS FÓCAS

Tá neart clónna agus ainmneacha difriúla ar churaclam an Bhéarla i measc na ndlínsí a ndearnadh athbhreithniú orthu, amhail Béarla, Teanga an Bhéarla, agus Litríocht an Bhéarla, bíodh agus go bhfuil Béarla i dteideal gach ceann, seachas sna Stáit Aontaithe (Ealaíona Teanga) agus áiríonn roinnt acu litearthacht, amhail Albain agus Victoria, an Astráil. Is gnáth go gcuimsíonn curaclaim náisiúnta le haghaidh an Bhéarla eispéireas an oideachais éigeantaigh (go dtí aois 16 de ghnáth). Ag leibhéal na meánscoile sinsearaí, tá fianaise ann i dtaca le speisialú agus éagsúlú cúrsaí lena n-áirítear teanga agus litríocht an Bhéarla agus cúrsaí amhail drámaíocht, staidéar scannánaíochta, ealaíona na meán nó ealaíona cruthaitheacha.

### MEASÚNÚ

Tá córais scrúdaithe a chumasaíonn obair chúrsa ag gach dlínse a scrúdaíodh i dtaighde an Dr Marshall, seachas Sasana agus d'fhéadfadh amhlaidh a bheith i gceist sna Stáit Aontaithe. 100% obair chúrsa atá i gceist i gCeanada agus tá féidearthacht ann 100% obair chúrsa a bheith i gceist sa Nua-Shéalainn. Tá 50% obair chúrsa san Astráil agus tá díreach faoi bhun aon trian in Albain. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar chóras na Breataine Bige. Tá roinnt fianaise ann gur féidir le córas scrúdaithe ina ndéantar scrúdú ar théacsanna dualgais go seachtrach, seachas measúnú a déanamh orthu mar chuid d'obair chúrsa, srian ar a chur ar an líon téacsanna a ndéantar staidéar orthu agus go mbíonn níos lú féinrialach ag múinteoirí na téacsanna is fearr a roghnú chun tacú le foghlaim a gcuid scoláirí.

## RAON TÉACSANNA

Seachas i Sasana, iarrtar ar an scoláire staidéar a dhéanamh ar théacs digiteach nó meáin de shaghas éigin i ngach dlínse. Sonraíonn siad chomh maith gur cheart staidéar a dhéanamh ar litríocht do thíre féin. Liostaíonn Sasana, New South Wales agus Victoria údair le staidéar a dhéanamh orthu don scrúdú. Bíonn sé éigeantach i Sasana, agus sa Bhreatain Bheag faoi láthair, staidéar a dhéanamh ar théacs de chuid Shakespeare ag aois 16, agus is amhlaidh an cás i New South Wales ag aois 18.

## ROGHNÚ NA DTÉACSANNA

Tugann trí dhlínse liosta téacsanna le staidéar a dhéanamh orthu (mar aon leis an mBreatain Bheag faoi láthair) – Sasana, New South Wales agus Victoria. Is é Victoria an t-aon cheann acu a thugann réasúnaíocht le haghaidh na dtéacsanna a roghnaítear ([https://www.vcaa.vic.edu.au/Documents/vce/Principles\\_Guidelines\\_Texts.pdf](https://www.vcaa.vic.edu.au/Documents/vce/Principles_Guidelines_Texts.pdf)). Bíodh sin amhlaidh, cuireann an fhianaise in iúl go roghnaítear rogha téacsanna an-chúng agus gur le húdair Briotanacha iad de ghnáth, in ainneoin an raon leathan téacsanna. I Sasana is gnách go bhféachann na liostaí dualgais a fhoilsíonn boird scrúduithe éagsúla i dtreo sonraíochtaí an churaclaim náisiúnta agus, arís, tugann an fhianaise le fios gur úrscéalta agus drámaí clasaiceacha le fir gheala atá marbh formhór na dtéacsanna a roghnaítear. As na téacsanna a foilsíodh roimh an bhfichiú haois a roghnaíonn na boird scrúdaithe, ní raibh ach 6% le húdair ban agus níor foilsíodh ach 1% acu tar éis 1914. As na téacsanna a roghnaíodh, ní raibh ach 0.7% acu le duine de dhath. Tá liostaí téacsanna ag na Stáit Aontaithe gur gá staidéar a dhéanamh orthu má chinneann scoileanna curaclam Hirsch a leanúint. Arís, is saothair le fir gheala atá marbh is mó a bhíonn i gceist.

## ÉAGSÚLACHT NA DTÉACSANNA

Toisc go n-áiríonn dlínsí san Astráil, i gCeanada agus sa Nua-Shéalainn údair de chuid na mbundúchasach in aidhmeanna a gcuraclam agus ina siollabais scrúdaithe san Astráil, bíonn ar gach scoláire teagmháil a bheith acu le roinnt téacsanna le húdair bhundúchasacha. Ina



ainneoin seo, ní minic a bhaintear éagsúlacht amach. Is cosúil go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag Ceanada i dtaca le litríocht de chuid na mbundúchasach a chur chun cinn. Sa Bhreatain Mhór, cuireann eagraíochtaí amhail Cumann Náisiúnta Theagasc an Bhéarla (NATE) agus an tIonad Béarla agus Meán díchoilíniú an churaclaim agus scríbhneoirí atá éagsúil i dtaobh eitneachta de chun cinn agus arís tá roinnt de na scríbhneoirí seo le sonrú i siollabais scrúdaithe an Bhéarla. Tá Penguin agus Iontaobhas Runnymede tar éis tuairisc dar teideal *Diversity in Literature in English Schools* (Elliott et al., 2021) a fhoilsiú chomh maith. Spreagann an Chomhairle Náisiúnta Múinteoirí Béarla sna Stáit Aontaithe, múinteoirí chun éagsúlú a dhéanamh ar a rogha téacsanna chomh maith, go háirithe i bhfianaise gluaiseacht Black Lives Matter.

## Comparáid próiseas

Níor fhoilsigh ach trí dhlínse a ndearna Marshall (2022) scrúdú orthu liostaí téacsanna dualgais sa Bhéarla le go ndéanfadh an scoláire staidéar orthu. Sasana, New South Wales agus Victoria.

I Sasana forbraíonn na boird scrúdaithe ar leith na liostaí téacsanna dualgais. Tá na boird, a bhfuil ceithre cinn acu ann, (AQA, Edexcel, OCR agus WJEC) neamhspleách ón Roinn Oideachais ach bíonn orthu cloí le treoirínte an churaclaim náisiúnta fós féin. Caithfidh an scoláire a dhéanann staidéar le haghaidh an scrúdaithe litríochta staidéar a dhéanamh ar dhráma amháin de chuid Shakespeare, úrscéal ón naoú haois déag agus ó dhrámadóir nó úrscéalaí Briotanach ón bhfichiú haois. Bíodh agus nach bhfuil aon údair eile seachas Shakespeare sa churaclam náisiúnta, tá na liostaí téacsanna a thugtar ar féidir staidéar a dhéanamh orthu teoranta bíodh agus nach dtugtar aon chritéar oifigiúil do na boird i dtaca leis na téacsanna ba cheart a roghnú. Déantar roghnú na dtéacsanna do gach bord ag coiste daoine aonair a n-iarrtar orthu a bheith ina gcomhaltaí. Ní fhógraítear na poist. I measc chomhaltaí an choiste áirítear múinteoirí, a bhíonn mar scrúdaitheoirí don bhord de ghnáth, agus lucht léinn, mar aon le daoine a oibríonn don bhord. Ní fhoilsítear sonraí ballraíochta an bhoird agus feidhmíonn an coiste gan aon trédhearcacht phoiblí.

In New South Wales, cruthaíonn coiste a bhunaíonn Údarás Caighdeáin Oideachais New South Wales (NESA) na liostaí. Tá múinteoirí ar an gcoiste, ach is cosúil nach bhfuil aon chomhairliúchán le gairm níos leithne na múinteoireachta agus na liostaí á bhforbairt agus á gceapadh nó nach bhfuil aon deis le haghaidh aiseolais ón ngairm maidir le liostaí téacsanna atá ann cheana nó ar théacsanna ar leith ba mhaith leo a fheiceáil ar na liostaí. Tá critéir ag an gcoiste le haghaidh roghnú na dtéacsanna. I measc na gcritéar seo tá fiúntas liteartha, ábharthacht fhadmharthanach, ábharthacht le haghaidh na gcohort, agus inrochtaineacht maidir le cé chomh héasca agus atá sé do scoileanna rochtain a fháil ar na téacsanna gan ualach airgeadais breise nach bhfuil gá leis a chur orthu.

Déanann Painéal Comhairleach i dtaca le Téacsanna cinneadh maidir leis na Liostaí Téacsanna in Victoria. Bíonn Bainisteoir Churaclam an Bhéarla mar chathaoirleach ar an bpainéal seo agus bíonn sé comhdhéanta de 8 - 10 múinteoirí ó réimse suíomhanna scoile éagsúla agus duine amháin de lucht an léinn de ghnáth. Déanann múinteoirí iarratas chun a bheith ar an bPainéal agus is minic a bhíonn ballraíocht ar fáil go poiblí. Ar deireadh tugann Údarás Curaclaim agus Measúnachta Victoria (VCAA) faomhadh do chinneadh an phainéil. Dhiúltaigh siad do roghanna téacsanna cheana, nuair a mheas siad go raibh siad róchonspóideach. Is minic a bhíonn díospóireacht sna meáin maidir le roghanna téacsanna agus a bhfiúntas, agus déanann Údarás Curaclaim agus Measúnachta Victoria iarracht é seo a sheachaint trína critéir agus na prótacail chinnteoireachta i dtaca leis na liostaí téacsanna a fhoilsiú.

I gcomparáid leis na cleachtais idirnáisiúnta seo, bíonn ionchur ó ghairm na múinteoireachta agus ón bpobal in Éirinn ar phróiseas roghnaithe na dtéacsanna tríd an tairseach ar líne. Bíonn na meithleacha oibre comhdhéanta de 5 bhall de ghnáth, lena n-áirítear an Cathaoirleach, atá mar Oifigeach Oideachais Béarla CNCM. Ar mheitheal oibre liosta téacsanna na Sraithe Sóisearaí, is múinteoirí Béarla atá i mbun cleachtais iad triúr ball, duine amháin acu ar a laghad atá mar bhall d'Eagraíocht Náisiúnta Múinteoirí Béarla na hÉireann (INOTE) agus is múinteoir Béarla a bhfuil taithí acu ar oibriú le Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM). Ar ghrúpa oibre liosta téacsanna na hArdteistiméireachta, is múinteoirí Béarla atá i mbun cleachtais iad ceathrar ball, duine amháin acu ar a laghad atá mar bhall d'Eagraíocht Náisiúnta Múinteoirí Béarla na hÉireann (INOTE) agus tá taithí ag duine acu mar scrúdaitheoir Bhéarla na hArdteistiméireachta le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). De ghnáth bíonn meitheal oibre Fhilíocht na hArdteistiméireachta comhdhéanta den Chathaoirleach, Oifigeach Oideachais Béarla CNCM; beirt mhúinteoirí Béarla atá i mbun cleachtais; ionadaí de chuid Éigse Éireann; agus file.

Cosúil le dlínsí eile, is próiseas breithniúcháin a bhíonn i gceist leis an gcinnteoireacht, a mbíonn seit critéar mar bhonn eolais faoi. Ní fhoilsítear miontuairiscí cruinnithe an choiste liosta téacsanna faoi láthair, agus ní fhoilsítear sonraí ballraíochta an choiste ná na critéir roghnúcháin, bíodh agus go bhfuil na critéir seo ar fáil trí ríomhphost ach iad a lorg. Tagraíonn

na critéir do shaincheisteanna na hionadaíochta, na héagsúlachta, agus an ionchuimsithe, agus nuashonraítear iad go rialta, rud nach ndéantar i roinnt de na dlínsí eile a scrúdaíodh i dtaighde an Dr Marshall. Cinntíonn an chothromaíocht idir an líon téacsanna nua a chuirtear leis na liostaí agus an leanúnachas i dtaca le neart téacsanna atá ar an liosta cheana féin go mbíonn meascán comhaimseartha téacsanna ar na liostaí agus déantar iarracht maolú a dhéanamh ar chúngú an fhócais chuig líon teoranta téacsanna canónacha.

## Saincheisteanna agus ábhair inní

Ag teacht le haidhmeanna shonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí agus siollabas Bhéarla na hArdteistiméireachta, spreagann an réimse téacsanna ar na liostaí dualgais **raon leathan léitheoireachta** agus dul i ngleic le réimse téacsanna éagsúla. Déantar iarracht ionadaíocht ó réimse cultúr, cúlraí agus údair éagsúla a chuimsiú ar na liostaí chun an scoláire a chumasú ‘iad féin a fheiceáil sna téacsanna’. Bíonn sé mar aidhm ag na liostaí seo téacsanna a chur ar fáil a bheadh inrochtana do scoláirí le raon inniúlachtaí agus cumas, agus a bheadh oiriúnach d’aois agus do chéim foghlama na scoláirí.

Ceann de na hábhair inní a cuireadh in iúl i dtaca leis an raon téacsanna a ofráiltear ná an **brú ama** a bhraitheann múinteoirí an Bhéarla, a mbíonn neart díobh ag múineadh liostaí téacsanna difriúla do bhliainghrúpaí difriúla. Is minic a cuireadh an brú a dtugann múinteoirí aghaidh air in iúl do CNCM tríd an bhfoirm ar líne ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)., trí léirithe ó Eagraíocht Náisiúnta Múinteoirí Béarla na hÉireann (INOTE) agus tríd an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM). Seans, ar leibhéal áirithe, go bhfuil an cur amach a bheadh ag múinteoirí ar na téacsanna traidisiúnta ar na liostaí, agus an réimse acmhainní atá ar fáil dóibh, mar chúis le ceannas na dtéacsanna traidisiúnta i bhfreagraí na scoláirí ar cheisteanna scrúdaithe. D’fhéadfadh tacaíochtaí breise i dtaca le téacsanna nua ar na liostaí cabhrú maidir leis seo. Ofrálann an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) raon tacaíochtaí do mhúinteoirí an Bhéarla ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus leagann siad béim ar na féidearthachtaí i dtaca le dul i ngleic le téacsanna nua ar na liostaí. Bíodh agus go raibh tacaíocht láidir do liosta téacsanna na hArdteistiméireachta sna blianta tosaigh i ndiaidh thabhairt isteach an tsiollabais nua, sa 20 bliain ina dhiaidh sin tá na tacaíochtaí seo tar éis éirí níos teoranta le himeacht aimsire ach d’fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu i gcomhar le seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí.

Chuir méadú i suim na meán agus na meán sóisialta i **roghnú téacsanna i scoileanna**, agus brú cinntí a ghlacann múinteoirí agus iad ag roghnú téacsanna ón liosta a chosaint, srian ar na téacsanna a roghnaíodh. In aiseolas ón tSraith Shóisearacha do Mhúinteoirí (SSM) agus ó Eagraíocht Náisiúnta Múinteoirí Béarla na hÉireann (INOTE) tagraíodh do dhul i ngleic

diúltach le húdaráis scoileanna a raibh brú orthu cinntí a rinne múinteoirí maidir le téacsanna sna scoileanna a chosaint, bíodh agus nach léir cé chomh forleathan agus atá an t-eispéireas seo tar éis a bheith. D'fhéadfadh foilsíú chritéir an liosta téacsanna agus na cúiseanna gur áiríodh téacsanna ar an liosta maolú a dhéanamh ar roinnt den bhrú atá á bhrath ag scoileanna i dtaca le cinntí a rinneadh a chosaint. Chomh maith leis sin d'fhéadfadh an páipéar seo tacú le machnamh agus le plé i measc ranna ábhair an Bhéarla agus i bhfóraim ar an láthair agus ar líne a thacaíonn le múinteoirí Béarla.

Ceann de na saincheisteanna atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas is ea **déileáil le saincheisteanna íogaire** sa seomra ranga. Chuir gluaiseacht Black Lives Matter ceisteanna chun cinn maidir leis an tslí ina ndéileáiltear le saincheisteanna amhail cine agus ionadaíocht i ranganna Béarla agus tá fianaise starógach ann maidir le cásanna ina raibh teip ann saincheisteanna dá leithéid a láimhseáil go maith. Is spás é an seomra ranga Béarla ina bpléitear saincheisteanna amhail grá, cailleadh, díoltas, cumhacht, cine, aicme, údarás srl. agus ina scrúdaítear iad, mar fhreagra ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i dtéacsanna a ndearnadh staidéar orthu de ghnáth. Níl an tslí inar cheart na téarmaí agus na saincheisteanna seo a láimhseáil, go háirithe má bhíonn saincheist a bhféadfadh baint dhíreach a bheith aici le heispéiris scoláire nó scoláirí, mar chuid de scóip an liosta téacsanna féin. Mar sin féin, d'fhéadfadh acmhainní nó oiliúint bhreise maidir le déileáil le saincheisteanna íogaire sa rang, agus maidir le teanga agus/nó dearcthaí a fhreagraíonn don am inar tharla siad ach nach bhfuil inghlactha anois a fhiosrú, a bheith úsáideach do mhúinteoirí.

I gcomparáid leis na dlínsí eile a scrúdaíodh, éiríonn go maith le **trédhearcacht phróiseas an liosta téacsanna** in Éirinn. Mar sin féin, tá réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur air seo. Bíodh agus go bhfuil critéir roghnúcháin ann, ní fhoilsítear na critéir seo ná an próiseas i dtaca le roghnú na dtéacsanna. Níl sonraí ballraíochta choistí na liostaí téacsanna i mbéal an phobail ach i bhfianaise méid an daonra is dócha go mbíonn neamhainmníocht bhaill na gcoistí cabhrach i dtaca le stocaireacht mhíchuí a chosc agus a chinntiú gur ar mhaithe an ábhair a ghlacann na daoine páirt sna coistí. Níl aon téarmaí tagartha le haghaidh ballraíochta ar na coistí agus chumasódh forbairt téarmaí dá leithéid tuilleadh trédhearcachta sa phróiseas sa

todhchaí. Chomh maith leis sin, shoiléireodh forbairt prótacal i dtaca le roghnú na dtéacsanna céimeanna an phróisis cinnteoireachta nach bhfuil intuigthe faoi láthair.

## Na chéad chéimeanna eile

Agus muid ag tarraingt ar thaighde Marshall (2022) agus ar na comparáidí a leagtar amach sa tuairisc seo, moltar na gníomhaíochtaí seo a leanas mar na chéad chéimeanna eile i dtaca le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bpróiseas trína ngintear liostaí téacsanna in Éirinn agus i dtaca le tuilleadh tacaíochta le haghaidh scoileanna agus múinteoirí maidir le hoibriú le raon téacsanna níos fairsinge.

- Prótacail chinnteoireachta le haghaidh roghnú téacsanna dualgais le forbairt agus le tabhairt chuig struchtúir CNCM, na Boird le haghaidh na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí agus an Chomhairle.
- Téarmaí tagartha do bhallraíocht na gcoistí liostaí téacsanna le forbairt agus le tabhairt chuig an mBord. Áireofar leis seo próiseas i dtaca le ballraíocht ar na coistí agus téarma sonraithe le haghaidh ballraíochta ar an gcoiste, le rogha ann an bhallraíocht a athnuachan le haghaidh téarma amháin eile, nuair is cuí.
- Leanúint leis an obair le gníomhaireachtaí tacaíochta agus le INOTE chun feasacht agus acmhainní a fhorbairt le haghaidh téacsanna nua, mar aon le machnamh a dhéanamh ar thuilleadh slite chun tacú le múinteoirí agus iad ag déileáil le saincheisteanna íogaire sa rang.



## TAGAIRTÍ

Burke, O. (2021) 'A Historical Analysis of Senior Cycle State Examinations in the School Subject English from 1878-2016: A Longitudinal Study.', (Feabhra). Ar fáil ag: <https://dspace.mic.ul.ie/handle/10395/2996>.

Coolahan, J. (1986) 'The Secondary School Curricular Experiemnt 1924-1942: The case of English', in Greaney, V. agus Molloy, B. (eag.) *Dimensions of Reading*. Baile Átha Cliath: An Comhlacht Oideachais.

Corcoran, T. (1923) 'How the Irish Language can be revived', *The Irish Monthly*, 51(595), lgh. 26–30.

An Roinn Oideachais (1924) 'Rialacha agus Clár Molta do Mheánscoileanna'. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Roinn Oideachais (1969) 'Rialacha agus Clár Molta do Mheánscoileanna 1970-71'. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998) *Siollabas Béarla na hArdteistiméireachta*. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Roinn Oideachais Craobh Meánoideachais (1925) 'Leaving Certificate Examination Honours English'. An Roinn Oideachais.

Elliott, V. et al. (2021) *Lit in Colour: Diversity in Literature in English Schools*. Londain: Penguin and Runnymede Trust.

Rialtas na hÉireann agus CNCM (1998) 'Leaving Certificate English Syllabus'. Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta. doi: 10.1002/9783527619337.

Liddicoat, A. agus Crozet, C. (2000) 'Teaching culture as an integrated part of language: implications for the aims, approaches and pedagogies of language teaching', *Teaching languages, teaching cultures*, (Eanáir 2016), lgh. 1–18.

Mullins, T. (2002) *A Historical and Comparative Study of the development of English as Secondary School subject in Ireland with special reference to the period 1984-2001*. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018) 'Sonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí', *Rialtas na hÉireann*. Baile Átha Cliath: CNCM.

O'Reilly, L. (2014) *Putting English to the Test: the development and assessment of English as a subject at post-primary level in Ireland [Tráchtas M.Oid Neamhfhoilsithe]*. An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2006) 'Tuairiscí an Phríomh-Scrúdaitheora Scrúdú Béarla an Teastais Shóisearaigh 2006'. [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie): CSS.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2017) 'Tuairiscí an Phríomh-Scrúdaitheora Scrúdú Béarla na Sraithe Sóisearaí 2017'. [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie): CSS, lgh. 0-4.

